



An Bhruiséil, 1 Lúnasa 2025
(OR. en)

12057/25
ADD 2

Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0233 (NLE)

JUSTCIV 142
CONSOM 152
MARE 31
COMER 114
RELEX 1063

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	24 Iúil 2025
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2025) 419 annex
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis na hÉifeachtaí Idirnáisiúnta a bhaineann le Díol Breithiúnach Long, Coinbhinsiún arna ghlacadh ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe i Nua- Eabhrac an 7 Nollaig 2022 ('Coinbhinsiún Bhéising maidir le Díol Breithiúnach Long')

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 419 annex.

Faoi iamh: COM(2025) 419 annex



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 24.7.2025
COM(2025) 419 final

ANNEX 2

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis na hÉifeachtaí Idirnáisiúnta a bhaineann le Díol Breithiúnach Long, Coinbhinsiún arna ghlacadh ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe i Nua-Eabhrac an 7 Nollaig 2022 (‘Coinbhinsiún Bhéising maidir le Díol Breithiúnach Long’)

Iarscríbhinn II

Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis na héifeachtaí idirnáisiúnta a bhaineann le Díol Breithiúnach Long

Tá na Stáit is Páirtithe sa Choinbhinsiún seo,

Ag athdhearbhú dóibh gur eilimint thábhachtach í an trádáil idirnáisiúnta ar bhonn an chomhionannais agus an chomhshochair chun caidreamh cairdiúil idir Stáit a chur chun cinn,

Agus aird á tabhairt acu ar an ról ríthábhachtach atá ag an loingseoireacht sa trádáil agus san iompar idirnáisiúnta, ar ardluach eacnamaíoch na long a úsáidtear sa loingseoireacht farraige agus sa loingseoireacht intíre araon, agus ar fheidhm an díola bhreithiúnaigh mar mhodh chun éilimh a fhorfheidhmiú,

De bhrí go bhféadfadh cosaint dhlíthiúil leormhaith do cheannaitheoirí tionchar dearfach a imirt ar an bpraghas a réadaítear ag díol breithiúnach long, chun tairbhe longúinéirí agus creidiúnaithe araon, lena n-áirítear lianshealbhóirí agus airgeadaithe long,

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

1. Cuspóir

Rialaítear leis an gCoinbhinsiún seo na héifeachtaí idirnáisiúnta a bhíonn ag díol breithiúnach loinge a thugann teideal glan don cheannaitheoir.

2. Sainmhínte

Chun críocha an Choinbhinsiúin seo:

- (a) ciallaíonn ‘díol breithiúnach’ loinge aon díol loinge:
 - (i) a ordaíonn cúirt nó údarás poiblí eile nó a dhéanann cúirt nó údarás poiblí eile é a fhaomhadh nó a dhaingniú, trí dhíol ar ceant poiblí nó trí chonradh príobháideach a dhéantar faoi mhaoirseacht agus le ceadú cúirte;
 - (ii) a gcuirtear fáiltais an díola ina leith ar fáil do na creidiúnaithe;
- (b) ciallaíonn ‘long’ aon long nó soitheach eile atá cláraithe i gclár atá ar oscailt d’iniúchadh ag an bpobal agus a d’fhéadfadh a bheith ina n-ábhar gabhála nó birt chomhchosúil eile a bhféadfadh díol breithiúnach a bheith mar thoradh uirthi faoi dhlí Stát an díola bhreithiúnaigh;
- (c) ciallaíonn ‘teideal glan’ teideal saor agus glan ó aon mhorgáiste nó hypothèque agus ó aon mhuirear;
- (d) ciallaíonn ‘morgáiste nó hypothèque’ aon mhorgáiste nó hypothèque a dhéantar ar long agus atá cláraithe sa Stát a bhfuil an long cláraithe ina chlár long nó ina chlár coibhéiseach;
- (e) ciallaíonn ‘muirear’ aon cheart ar bith is cuma cén chaoi a dtagann sé chun cinn agus a fhéadfar a dhearbhu in aghaidh loinge, cibé acu trí ghabháil, trí astú nó ar shlí eile, agus áirítear ann lian muirí, lian, eire, ceart úsáide nó ceart coinneála ach ní áirítear ann morgáiste ná hypothèque;
- (f) ciallaíonn ‘muirear cláraithe’ aon mhuirear atá cláraithe i gclár na long nó i gclár coibhéiseach ina bhfuil an long cláraithe nó in aon chlár éagsúil ina bhfuil morgáistí nó hypothèques cláraithe;

- (g) ciallaíonn ‘lian muirí’ aon mhuirear atá aitheanta mar lian muirí nó mar privilège muirí ar long faoin dlí is infheidhme;
- (h) ciallaíonn ‘úinéir’ loinge aon duine atá cláraithe mar úinéir na loinge i gclár na long nó sa chlár coibhéiseach ina bhfuil an long cláraithe;
- (i) ciallaíonn ‘ceannaitheoir’ aon duine lena ndíoltar an long sa díol breithiúnach;
- (j) ciallaíonn ‘ceannaitheoir ina dhiaidh sin’ an duine a cheannaíonn an long ón gceannaitheoir a ainmnítear sa deimhniú díola bhreithiúnaigh dá dtagraítear in airteagal 5;
- (k) ciallaíonn ‘stát an díola bhreithiúnaigh’ an Stát ina ndéantar díol breithiúnach loinge.

3. **Raon feidhme an chur i bhfeidhm**

3.1. Níl feidhm ag an gCoinbhinsiún seo ach amháin maidir le díol breithiúnach loinge sna cásanna seo a leanas:

- (a) is i Stát is Páirtí a dhéantar an díol breithiúnach;
- (b) is go fisiciúil laistigh de chríoch Stát an díola bhreithiúnaigh tráth an díola sin atá an long.

3.2. Ní bheidh feidhm ag an gCoinbhinsiún seo maidir le longa cogaidh ná le longa cúntacha cabhlaigh, ná le soithí eile atá faoi úinéireacht Stáit nó á n-oibriú ag Stát agus nach n-úsáidtear, díreach roimh thráth an díola bhreithiúnaigh, ach amháin ar sheirbhís neamhthráchtála rialtais.

4. **Fógra faoi dhíol breithiúnach**

4.1. Déanfar an díol breithiúnach i gcomhréir le dlí Stát an díola bhreithiúnaigh, a sholáthróidh freisin nósanna imeachta chun an díol breithiúnach a cheistiú sula gcríochnófar é agus a chinnefidh tráth an díola chun críocha an Choinbhinsiúin seo.

4.2. D’ainneoin mhír 1, ní eiseofar deimhniú díola bhreithiúnaigh faoi airteagal 5 ach amháin má thugtar fógra faoi dhíol breithiúnach roimh dhíol breithiúnach na loinge i gcomhréir le ceanglais mhíreanna 3 go 7.

4.3. Tabharfar an fógra faoi dhíol breithiúnach:

- (a) do chlárann na long nó don chlárann choibhéiseach lena bhfuil an long cláraithe;
- (b) do gach sealbhóir ar aon mhorgáiste nó hypothèque agus ar aon mhuirear cláraithe, ar choinníoll go bhfuil an clár ina bhfuil sé cláraithe, agus aon ionstraim a cheanglaítear a chlárú faoi dhlí an Stáit chláraithe, ar oscailt lena iniúchadh ag an bpobal, agus go bhfuil sleachta as an gclár agus cóipeanna de na hionstraimí sin le fáil ón gclárann;
- (c) do shealbhóirí uile aon lian muirí, ar choinníoll go bhfuil fógra tugtha acu don chúirt nó don údarás poiblí eile atá i mbun dhíol breithiúnach an éilimh atá urraithe ag an lian muirí i gcomhréir le rialacháin agus nósanna imeachta Stát an díola bhreithiúnaigh;
- (d) d’úinéir na loinge faoi láthair;
- (e) i gcás ina ndéanfaítear clárú cairtfhostaithe forléasta don long:

- (i) don duine atá cláraithe mar chairtghostóir forléasta na loinge sa chlár cairtghostaithe forléasta;
 - (ii) don chlárann cairtghostaithe forléasta.
- 4.4. Tabharfar an fógra faoi dhíol breithiúnach i gcomhréir le dlí Stát an díola bhreithiúnaigh, agus beidh an fhaisnéis a luaitear in Iarscríbhinn I ar a laghad ann.
- 4.5. Maidir leis an bhfógra faoi dhíol breithiúnach:
 - (a) foilseofar é trí fhógra sa phreas nó i bhfoilseachán eile atá ar fáil i Stát an díola bhreithiúnaigh;
 - (b) tarchuirfear é chuig an stór dá dtagraítear in airteagal 11 lena bhfoilsíú.
- 4.6. Chun an fógra a chur in iúl don stór, mura mbeidh an fógra faoi dhíol breithiúnach i dteanga oibre de chuid an stóir, beidh aistriúchán ar an bhfaisnéis a luaitear in Iarscríbhinn I ag gabháil leis i dteanga oibre den sórt sin.
- 4.7. Agus céannacht nó seoladh aon duine a bhfuil an fógra faoi dhíol breithiúnach le tabhairt dó á chinneadh, is leor brath ar na nithe seo a leanas:
 - (a) faisnéis atá leagtha amach i gclár na long nó sa chlár coibhéiseach ina bhfuil an long cláraithe nó sa chlár cairtghostaithe forléasta;
 - (b) faisnéis atá leagtha amach sa chlár ina bhfuil an morgáiste nó an hypothèque nó an muirear cláraithe cláraithe, murab ionann í agus clár na long nó an clár coibhéiseach;
 - (c) faisnéis ar tugadh fógra ina leith faoi mhír 3, fomhír (c).
- 5. **Deimhniú díola bhreithiúnaigh**
- 5.1. Tar éis díol breithiúnach a chríochnú ar díol é lenar tugadh teideal glan ar an long faoi dhlí Stát an díola bhreithiúnaigh agus a rinneadh i gcomhréir le ceanglais an dlí sin agus le ceanglais an Choinbhinsiúin seo, déanfaidh an chúirt nó an t-údarás poiblí eile a rinne an díol breithiúnach nó údarás inniúil eile de chuid Stát an díola bhreithiúnaigh, i gcomhréir lena rialacháin agus a nósanna imeachta, deimhniú díola bhreithiúnaigh a eisiúint don cheannaitheoir.
- 5.2. Is i bhfoirm an deimhnithe samplaigh atá in Iarscríbhinn II a bheidh an deimhniú díola bhreithiúnaigh go substaintiúil agus beidh an méid seo a leanas ann:
 - (a) ráiteas gur díoladh an long i gcomhréir le ceanglais dhlí Stát an díola bhreithiúnaigh agus i gcomhréir le ceanglais an Choinbhinsiúin seo;
 - (b) ráiteas gur thug an díol breithiúnach teideal glan ar an long don cheannaitheoir;
 - (c) ainm Stát an díola bhreithiúnaigh;
 - (d) ainm, seoladh agus sonraí teagmhála an údaráis a eisíonn an deimhniú;
 - (e) ainm na cúirte nó an údaráis phoiblí eile a rinne an díol breithiúnach agus dáta an díola;
 - (f) ainm na loinge agus clárann na long nó an chlárann choibhéiseach lena bhfuil an long cláraithe;
 - (g) uimhir IMO na loinge nó, mura bhfuil sí ar fáil, faisnéis eile lenar féidir an long a shainaithint;

- (h) ainm agus seoladh áite cónaithe nó príomháite gnó úinéir na loinge díreach roimh an díol breithiúnach;
 - (i) ainm agus seoladh áite cónaithe nó príomháite gnó an cheannaitheora;
 - (j) ait agus dáta eisiúna an deimhnithe;
 - (k) síniú nó stampa an údaráis a eisíonn an deimhniú nó dearbhú eile ar bharántúlacht an deimhnithe.
- 5.3. Éileoidh Stát an díola bhreithiúnaigh go ndéanfar an deimhniú díola bhreithiúnaigh a tharchur go pras chuig an stór dá dtagraítear in airteagal 11 lena fhoilsiú.
- 5.4. Beidh an deimhniú díola bhreithiúnaigh agus aon aistriúchán air díolmhaithe ó dhlisteanú nó ó fhoirmiúlacht chomhchosúil.
- 5.5. Gan dochar d'airteagail 9 agus 10, beidh an deimhniú díola bhreithiúnaigh ina fhianaise leordhóthanach ar na hábhair atá ann.
- 5.6. Féadfaidh an deimhniú díola bhreithiúnaigh a bheith i bhfoirm taifid leictreonaigh ar choinníoll:
- (a) go bhfuil an fhaisnéis atá ann inrochtana ionas go bhféadfar í a úsáid le haghaidh tagairt ina dhiaidh sin;
 - (b) go n-úsáidtear modh iontaofa chun an t-údarás a eisíonn an deimhniú a shainaithint;
 - (c) go n-úsáidtear modh iontaofa chun aon athrú ar an taifead tar éis an ama a gineadh é a bhrath, seachas aon fhormhuiniú a chur leis agus aon athrú a thagann chun cinn sa ghnáthchúrsa cumarsáide, stórála agus taispeána.
- 5.7. Ní dhiúltófar deimhniú díola bhreithiúnaigh ar an bhforas amháin gur i bhfoirm leictreonach atá sé.
6. **Éifeachtaí idirnáisiúnta a bhaineann le díol breithiúnach**
- Díol breithiúnach ar eisíodh deimhniú díola bhreithiúnaigh dá dtagraítear in airteagal 5 ina leith, beidh d'éifeacht leis i ngach Stát eile is Páirtí teideal glan ar an long a thabhairt don cheannaitheoir.
7. **Gníomhaíocht ag an gclárlann**
- 7.1. Ar iarraidh ón gceannaitheoir nó ón gceannaitheoir ina dhiaidh sin agus ar sholáthar an deimhnithe díola bhreithiúnaigh dá dtagraítear in airteagal 5, déanfaidh an clárlann nó údarás inniúil eile Stáit is Páirtí, de réir mar a bheidh agus i gcomhréir lena rialacháin agus a nósanna imeachta, ach sin gan dochar d'airteagal 6, an méid seo a leanas:
- (a) aon mhorgáiste nó hypothèque agus aon mhuirear cláraithe a ghabhann leis an long agus a bhí cláraithe roimh an díol breithiúnach a chríochnú, a scriosadh as an gclár;
 - (b) an long a scriosadh as an gclár agus deimhniú um scriosadh a eisiúint chun críche cláraithe nua;
 - (c) an long a chlárú in ainm an cheannaitheora nó an cheannaitheora ina dhiaidh sin, ar choinníoll thairis sin go gcomhlíonann an long agus an duine ar ina ainm atá an long le clárú ceanglais dhlí Stát an chláraithe;

- (d) an clár a thabhairt cothrom le dáta le haon sonraí ábhartha eile sa deimhniú díola bhreithiúnaigh.
- 7.2. Ar iarraidh ón gceannaitheoir nó ón gceannaitheoir ina dhiaidh sin agus ar sholáthar an deimhnithe díola bhreithiúnaigh dá dtagraítear in airteagal 5, déanfaidh an clárlann nó údarás inniúil eile Stáit is Páirtí inar deonaíodh clárú cairtfhostaithe forléasta don long a scríosadh ón gelár cairtfhostaithe forléasta agus deimhniú um scríosadh a eisiúint.
- 7.3. Mura n-eisítear an deimhniú díola bhreithiúnaigh i dteanga oifigiúil de chuid na clárlainne nó an údaráis inniúil eile, féadfaidh an clárlann nó an t-údarás inniúil eile a iarraidh ar an gceannaitheoir nó ar an gceannaitheoir ina dhiaidh sin aistriúchán deimhnithe go teanga oifigiúil den sórt sin a sholáthar.
- 7.4. Féadfaidh an chlárlann nó an t-údarás inniúil eile a iarraidh ar an gceannaitheoir nó ar an gceannaitheoir ina dhiaidh sin cóip dheimhnithe den deimhniú díola bhreithiúnaigh a sholáthar dá thaifid freisin.
- 7.5. Níl feidhm ag míreanna 1 ná 2 má chinneann cúirt i Stát na clárlainne nó an údaráis inniúil eile faoi airteagal 10 go mbeadh éifeacht an díola bhreithiúnaigh faoi airteagal 6 contrártha go follasach le beartas poiblí an Stáit sin.
8. **Gan an long a ghabháil**
- 8.1. Má thugtar iarratas os comhair cúirte nó údaráis bhreithiúnaigh eile i Stát is Páirtí chun long a ghabháil nó chun aon bheart comhchosúil eile a dhéanamh in aghaidh loinge ar éileamh a eascraíonn roimh dhíol breithiúnach na loinge, déanfaidh an chúirt nó an t-údarás breithiúnach eile, ar sholáthar an deimhnithe díola bhreithiúnaigh dá dtagraítear in airteagal 5, an t-iarratas a dhíbhe.
- 8.2. Má ghabhtar long nó má dhéantar beart comhchosúil in aghaidh loinge ar ordú cúirte nó údaráis bhreithiúnaigh eile i Stát is Páirtí de dheasca éileamh a eascraíonn roimh dhíol breithiúnach na loinge, déanfaidh an chúirt nó an t-údarás breithiúnach eile, ar sholáthar an deimhnithe díola bhreithiúnaigh dá dtagraítear in airteagal 5, scaoileadh saor na loinge a ordú.
- 8.3. Mura n-eisítear an deimhniú díola bhreithiúnaigh i dteanga oifigiúil de chuid na cúirte nó an údaráis bhreithiúnaigh eile, féadfaidh an chúirt nó an t-údarás breithiúnach eile a iarraidh ar an duine a sholáthraíonn an deimhniú aistriúchán deimhnithe go teanga oifigiúil den sórt sin a sholáthar.
- 8.4. Níl feidhm ag míreanna 1 ná 2 má chinneann an chúirt nó an t-údarás breithiúnach eile go mbeadh díbhe an iarratais nó ordú chun an long a scaoileadh saor, de réir mar a bheidh, contrártha go follasach le beartas poiblí an Stáit sin.
9. **Dlínse chun díol breithiúnach a sheachaint agus a chur ar fionraí**
- 9.1. Beidh dlínse eisiach ag cúirteanna Stát an díola bhreithiúnaigh chun aon éileamh nó iarratas chun díol breithiúnach loinge sa Stát sin lena dtugtar teideal glan ar an long a sheachaint nó chun a éifeachtaí a chur ar fionraí a éisteacht, rud a chuimseoidh aon éileamh nó iarratas chun agóid a dhéanamh i gcoinne eisiúint an deimhnithe díola bhreithiúnaigh dá dtagraítear in Airteagal 5.
- 9.2. Diúltóidh cúirteanna Stáit is Páirtí dlínse i leith aon éilimh nó iarratais chun díol breithiúnach loinge i Stát eile is Páirtí lena dtugtar teideal glan ar an long a sheachaint nó chun a éifeachtaí a chur ar fionraí.

- 9.3. Éileoidh Stát an díola bhreithiúnaigh go ndéanfar cinneadh cúirte lena seachnófar nó lena gcuirfear ar fionraí éifeachtaí díola bhreithiúnaigh ar eisíodh deimhniú ina leith i gcomhréir le hairteagal 5, mír 1, a tharchur go pras chuig an stór dá dtagraítear in airteagal 11 lena fhoilsiú.
10. **Imthosca nach bhfuil aon éifeacht idirnáisiúnta ag díol breithiúnach iontu**
Ní bheidh an éifeacht dá bhforáiltear in airteagal 6 ag díol breithiúnach loinge i Stát is Páirtí seachas Stát an díola bhreithiúnaigh má chinneann cúirt sa Stát eile is Páirtí go mbeadh an éifeacht sin contrártha go follasach le beartas poiblí an Stáit eile sin is Páirtí.
11. **Stór**
- 11.1. Is é Ard-Rúnaí na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta nó institiúid arna hainmniú ag Coimisiún na Náisiún Aontaithe um Dhlí Trádála Idirnáisiúnta a bheidh sa stór.
- 11.2. Ar fhógra díola bhreithiúnaigh a fháil arna tharchur faoi airteagal 4, mír 5, deimhniú díola bhreithiúnaigh arna tharchur faoi airteagal 5, mír 3, nó cinneadh arna tharchur faoi airteagal 9, mír 3, cuirfidh an stór ar fáil don phobal é go tráthuíl, san fhoirm agus sa teanga ina bhfaighfear é.
- 11.3. Féadfaidh an stór fógra faoi dhíol breithiúnach a fháil freisin ó Stát a dhaingnigh an Coinbhinsiún seo, a ghlac leis, a d'fhormheas é nó a d'aontaigh dó agus nach bhfuil an Coinbhinsiún tagtha i bhfeidhm fós ina leith agus féadfaidh sé é a chur ar fáil don phobal.
12. **Cumarsáid idir údaráis na Stát is Páirtithe**
- 12.1. Chun críocha an Choinbhinsiúin seo, údarófar d'údaráis Stáit is Páirtí cumarsáid dhíreach a dhéanamh le húdaráis aon Stáit eile is Páirtí.
- 12.2. Ní dhéanfaidh aon ní san airteagal seo difear do chur i bhfeidhm aon chomhaontaithe idirnáisiúnta maidir le cúnamh breithiúnach i ndáil le hábhair shibhialta agus thráchtála a d'fhéadfadh a bheith ann idir Stáit is Páirtithe.
13. **Gaol le coinbhinsiúin idirnáisiúnta eile**
- 13.1. Ní dhéanfaidh aon ní sa Choinbhinsiún seo difear do chur i bhfeidhm an Choinbhinsiúin maidir le Clárú Árthaí Loingseoireachta Intíre (1965) agus Phrótacal Uimh. 2 a ghabhann leis maidir le hAstú agus Díol Éigeantach Soithí Loingseoireachta Intíre, lena n-áirítear aon leasú sa todhchaí ar an gcoinbhinsiún nó ar an bprótacal sin.
- 13.2. Gan dochar d'airteagal 4, mír 4, amhail idir Stáit is Páirtithe sa Choinbhinsiún seo ar páirtithe iad freisin sa Coinbhinsiún ar Sheirbheáil Dhoiciméad Breithiúnach agus Seachbhreithiúnach in Ábhair Shibhialta nó Thráchtála ar an gCoigríoch (1965), féadfar an fógra faoi dhíol breithiúnach a tharchur thar lear ar bhealaí eile seachas na bealaí dá bhforáiltear sa choinbhinsiún sin.
14. **Bunús eile chun éifeacht idirnáisiúnta a thabhairt**
Ní chuirfidh aon ní sa Choinbhinsiún seo bac ar Stát éifeacht a thabhairt do dhíol breithiúnach loinge a dhéantar i Stát eile faoi aon chomhaontú idirnáisiúnta eile nó faoin dlí is infheidhme.
15. **Ábhair nach bhfuil faoi réir an Choinbhinsiúin seo**
- 15.1. Ní dhéanfaidh aon ní sa Choinbhinsiún seo difear don mhéid seo a leanas:

- (a) an nós imeachta nó an tosaíocht maidir le dáileadh fáiltas ó dhíol breithiúnach; nó
 - (b) aon éileamh pearsanta in aghaidh duine ar leis an long nó a raibh cearta dílseánaigh aige uirthi roimh an díol breithiúnach.
- 15.2. Thairis sin, ní rialóidh an Coinbhinsiún seo éifeachtaí cinnidh, faoin dlí is infheidhme, ó chúirt a fheidhmíonn dlínse faoi airteagal 9, mír 1.
16. **Taiscí**
- Leis seo déantar Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe a ainmniú mar thaiscí an Choinbhinsiúin seo.
17. **Síniú, daingniú, glacadh, formheas, aontachas**
- 17.1. Tá an Coinbhinsiún seo ar oscailt lena shíniú ag gach Stát.
- 17.2. Tá an Coinbhinsiún seo faoi réir a dhaingnithe, a ghlactha nó a fhorghheasa ag na Stáit is sínitheoirí.
- 17.3. Tá an Coinbhinsiún seo ar oscailt le haghaidh aontachais gach Stáit nach sínitheoir é ón dáta a bheidh sé ar oscailt lena shíniú. 4. Tá ionstraimí daingniúcháin, glactha, formheasa nó aontachais le taisceadh leis an taiscí.
18. **Rannpháirtíocht eagraíochtaí réigiúnacha um chomhtháthú eacnamaíochta**
- 18.1. Eagraíocht réigiúnach um chomhtháthú eacnamaíochta atá comhdhéanta de Stáit cheannasacha agus a bhfuil inniúlacht aici ar ábhair áirithe atá faoi rialú an Choinbhinsiúin seo, mar an gcéanna féadfaidh sí an Coinbhinsiún seo a shíniú, a dhaingniú, glacadh leis, é a fhaomhadh nó aontú dó. Sa chás sin, beidh cearta agus oibleagáidí Stáit is Páirtí ag an eagraíocht réigiúnach um chomhtháthú eacnamaíochta a mhéid a bheidh inniúlacht ag an eagraíocht sin ar ábhair atá faoi rialú an Choinbhinsiúin seo. Chun críocha airteagail 21 agus 22, ní dhéanfar ionstraim arna taisceadh ag eagraíocht réigiúnach um chomhtháthú eacnamaíochta a chomhaireamh i dteannta na n-ionstraimí a thaisceann a Ballstáit.
- 18.2. Déanfaidh an eagraíocht réigiúnach um chomhtháthú eacnamaíochta dearbhú ina sonrófar na hábhair atá faoi rialú an Choinbhinsiúin seo ar aistrigh a Ballstáit inniúlacht ina leith chuig an eagraíocht sin. Tabharfaidh an eagraíocht réigiúnach um chomhtháthú eacnamaíochta fógra gan mhoill don taiscí faoi aon athrú ar dháileadh na hinniúlachta, lena n-áirítear aistrithe nua inniúlachta, a shonraítear sa dearbhú faoin mír seo.
- 18.3. Aon tagairt do ‘Stát’, ‘Stáit’, ‘Stát is Páirtí’ nó ‘Stáit is Páirtithe’ sa Choinbhinsiún seo, tá feidhm chomhionann aici maidir le heagraíocht réigiúnach um chomhtháthú eacnamaíochta i gcás ina n-éilíonn an comhthéacs é.
- 18.4. Ní dhéanfaidh an Coinbhinsiún seo difear do chur i bhfeidhm rialacha eagraíochta réigiúnaí um chomhtháthú eacnamaíochta, cibé acu roimh an gCoinbhinsiún seo nó dá éis a glacadh iad:
- (a) i ndáil le tarchur fógra faoi dhíol breithiúnach idir Ballstáit eagraíochta den sórt sin; nó
 - (b) i ndáil leis na rialacha dlínse a bhfuil feidhm acu idir Ballstáit eagraíochta den sórt sin
19. **Córais dlí neamhaontaithe**

- 19.1. Más tá dhá aonad chríochacha nó níos mó ag Stát ina bhfuil córais dlí éagsúla infheidhme i ndáil leis na hábhair lena ndéileáiltear sa Choinbhinsiún seo, féadfaidh sé a dhearbhu go mbeidh a aonaid chríochacha go léir faoi réim an Choinbhinsiún seo nó nach mbeidh ach ceann amháin nó níos mó díobh faoina réim.
- 19.2. Luafar go sainráite i ndearbhuithe faoin airteagal seo na haonaid chríochacha lena mbaineann an Coinbhinsiún seo.
- 19.3. Mura ndéanfaidh Stát aon dearbhú faoi mhír 1, beidh aonaid chríochacha uile an Stáit sin faoi réim an Choinbhinsiún seo.
- 19.4. Má tá dhá aonad chríochacha nó níos mó ag Stát ina bhfuil córais dlí éagsúla infheidhme i ndáil leis na hábhair a ndéileáiltear leo sa Choinbhinsiún seo:
- (a) déanfar aon tagairt do dhlí, do rialacháin nó do nósanna imeachta an Stáit a fhorléiriú mar thagairt, i gcás inarb iomchuí, don dlí, do na rialacháin nó do na nósanna imeachta atá i bhfeidhm san aonad críochach ábhartha;
 - (b) déanfar aon tagairt d'údarás an Stáit a fhorléiriú mar thagairt, i gcás inarb iomchuí, don údarás san aonad críochach ábhartha.
20. **Nós imeachta agus éifeachtaí dearbhuithe**
- 20.1. Déanfar dearbhuithe faoi airteagal 18, mír 2, agus airteagal 19, mír 1, tráth an tsínithe, an daingnithe, an ghlactha, an fhorhmeasa nó an aontachais. Beidh dearbhuithe a dhéanfar tráth an tsínithe faoi réir a ndeimhnithe tráth a dhaingnithe, a ghlactha nó a fhorhmeasa.
- 20.2. Déanfar dearbhuithe agus a ndeimhnithe a chur in iúl i scríbhinn agus tabharfar fógra foirmiúil ina leith don taiscí.
- 20.3. Gabhfaidh éifeacht le dearbhú an tráth céanna le teacht i bhfeidhm an Choinbhinsiún seo i leith an Stáit lena mbaineann.
- 20.4. Féadfaidh aon Stát a dhéanfaidh dearbhú faoi airteagal 18, mír 2, agus airteagal 19, mír 1, é a mhodhnú nó a tharraingt siar tráth ar bith trí fhógra foirmiúil i scríbhinn a dhíreofar chuig an taiscí. Gabhfaidh éifeacht leis an modhnú nó leis an tarraingt siar 180 lá tar éis an dáta a gheobhaidh an taiscí an fógra. Má fhaigheann an taiscí an fógra faoin modhnú nó faoin tarraingt siar roimh theacht i bhfeidhm don Choinbhinsiún seo i leith an Stáit lena mbaineann, gabhfaidh éifeacht leis an modhnú nó leis an tarraingt siar an tráth céanna le teacht i bhfeidhm an Choinbhinsiún seo i leith an Stáit sin.
21. **Teacht i bhfeidhm**
- 21.1. Tiocfaidh an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm 180 lá tar éis an dáta a thaiscfear an tríú hionstraim dhaingniúcháin, ghlactha, formheasa nó aontachais.
- 21.2. Nuair a dhéanfaidh Stát an Coinbhinsiún seo a dhaingniú, a ghlacadh, a fhorhmeas nó aontú dó tar éis thaisceadh an tríú hionstraim dhaingniúcháin, ghlactha, formheasa nó aontachais, tiocfaidh an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm i leith an Stáit sin 180 lá tar éis an dáta a thaiscfear a ionstraim dhaingniúcháin, ghlactha, formheasa nó aontachais.
- 21.3. Ní bheidh feidhm ag an gCoinbhinsiún seo ach amháin maidir le díolacháin bhreithiúnacha a ordófar nó a fhorhmeasfar tar éis a theacht i bhfeidhm i leith Stáit an díola bhreithiúnaigh.
22. **Leasú**

- 22.1. Féadfaidh aon Stát is Páirtí leasú ar an gCoinbhinsiún seo a mholadh trína chur faoi bhráid Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe. Déanfaidh an tArd-Rúnaí an leasú beartaithe a chur in iúl do na Stáit is Páirtithe maille le hiarraidh go gcuirfidh siad in iúl an mbeidh siad i bhfabhar comhdháil de chuid Stát is Páirtithe chun an togra a bhreithniú agus chun vótáil air. I gcás ina mbeidh trian ar a laghad de na Stáit is Páirtithe i bhfabhar comhdhála den sórt sin laistigh de 120 lá ó dháta na cumarsáide sin, reáchtálfaidh an tArd-Rúnaí an chomhdháil faoi choimirce na Náisiún Aontaithe.
- 22.2. Déanfaidh comhdháil na Stát is Páirtithe gach iarracht teacht ar chomhthoil maidir le gach leasú. Má bhaintear triail as gach iarracht teacht ar chomhthoil agus mura dtiocfar ar chomhthoil, le haghaidh glacadh an leasaithe beidh gá, mar rogha dheireanach, le vóta tromlaigh dhá thrian de na Stáit is Páirtithe a bheidh i láthair agus a vótálfaidh ag an gcomhdháil. Chun críocha na míre seo, ní chomhairfear vóta eagraíochta réigiúnaí um chomhtháthú eacnamaíochta.
- 22.3. Cuirfidh an taiscí leasú glactha faoi bhráid na Stát is Páirtithe go léir lena dhaingniú, lena ghlacadh nó lena fhormheas.
- 22.4. Tiocfaidh leasú glactha i bhfeidhm 180 lá tar éis an dáta a thaiscfear an tríú hionstraim dhaingniúcháin, ghlactha nó formheasa. Nuair a thiocfaidh leasú i bhfeidhm, beidh sé ina cheangal ar na Stáit sin is Páirtithe a mbeidh toiliú sainráite acu a bheith faoi cheangal aige.
- 22.5. Nuair a dhéanfaidh Stát is Páirtí leasú a dhaingniú, a ghlacadh nó a fhormheas tar éis thaisceadh an tríú hionstraim dhaingniúcháin, ghlactha nó formheasa, tiocfaidh an leasú i bhfeidhm i leith an Stáit sin is Páirtí 180 lá tar éis an dáta a thaiscfear a ionstraim dhaingniúcháin, ghlactha nó formheasa.

23. Séanadh

- 23.1. Féadfaidh Stát is Páirtí an Coinbhinsiún seo a shéanadh trí fhógra foirmiúil i scríbhinn a dhíreofar chuig an taiscí. Féadfar an séanadh a theorannú d'aonaid chríochacha áirithe de chóras dlí neamhaontaithe a mbeidh feidhm ag an gCoinbhinsiún seo maidir leo.
- 23.2. Gabhfaidh éifeacht leis an séanadh 365 lá tar éis an dáta a gheobhaidh an taiscí an fógra. I gcás ina sonrófar san fhógra tréimhse níos faide ná sin sula ngabhfaidh éifeacht leis an séanadh, gabhfaidh éifeacht leis an séanadh ar dhul in éag na tréimhse sin níos faide tar éis an dáta a gheobhaidh an taiscí an fógra sin. Leanfaidh an Coinbhinsiún seo d'fheidhm a bheith aige maidir le díol breithiúnach ar eisíodh deimhniú díola bhreithiúnaigh ina leith dá dtagraítear in airteagal 5 sula ngabhfaidh éifeacht leis an séanadh.

ARNA DHÉANAMH i scríbhinn bhunaidh amháin, a bhfuil na téacsanna Araibise, Sírise, Béarla, Fraincise, Rúisise agus Spáinnise de chomh barántúil céanna.

Iarscríbhinn I

An fhaisnéis íosta atá le bheith san fhógra faoi dhíol breithiúnach

- (a) ráiteas go dtugtar an fógra faoi dhíol breithiúnach chun críocha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis na hÉifeachtaí Idirnáisiúnta a bhaineann le Díol Breithiúnach Long;
- (b) ainm Stát an díola bhreithiúnaigh;
- (c) cúirt nó údarás poiblí eile a ordaíonn an díol breithiúnach nó a dhéanann é a fhormheas nó a dheimhniú

- (d) uimhir thagartha nó aitheantóir eile do nós imeachta an díola bhreithiúnaigh
- (e) ainm na loinge
- (f) Clárlann
- (g) Uimhir IMO
- (h) (Mura bhfuil uimhir IMO ar fáil) Faisnéis eile lenar féidir an long a shainaithint
- (i) ainm an úinéara
- (j) seoladh áite cónaithe nó príomháite gnó an úinéara
- (k) (Má dhéantar an díol breithiúnach ar ceant poiblí) Dáta, am agus áit réamh-mheasta an cheant phoiblí
- (l) (Má dhéantar an díol breithiúnach trí chonradh príobháideach) Aon sonraí ábhartha, lena n-áirítear tréimhse ama, don díol breithiúnach mar a ordaíonn an chúirt nó údarás poiblí eile
- (m) ráiteas lena ndeimhnítear go dtabharfaidh an díol breithiúnach teideal glan ar an long, nó, murab eol an dtabharfaidh an díol breithiúnach teideal glan, ráiteas maidir leis na himthosca faoi nach dtabharfadh an díol breithiúnach teideal glan uirthi
- (n) faisnéis eile a cheanglaítear le dlí Stát an díola bhreithiúnaigh, go háirithe aon fhaisnéis a mheastar go bhfuil gá léi chun leasanna an duine a fhaigheann an fógra a chosaint

Iarscríbhinn II

Deimhniú samplach díola bhreithiúnaigh

Arna eisiúint i gcomhréir le forálacha airteagal 5 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis na hÉifeachtaí Idirnáisiúnta a bhaineann le Díol Breithiúnach Long

Deimhnítear leis seo:

- (a) gur díoladh an long a bhfuil tuairisc uirthi thíos trí dhíol breithiúnach i gcomhréir le ceanglais dhlí Stát an díola bhreithiúnaigh agus i gcomhréir le ceanglais Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis na hÉifeachtaí Idirnáisiúnta a bhaineann le Díol Breithiúnach Long;
- (b) gur thug an díol breithiúnach teideal glan ar an long don cheannaitheoir.

1. **Stádas an díola bhreithiúnaigh**

2. An t-údarás a eisíonn an deimhniú seo

2.1. Ainm

2.2. Seoladh

..

3. Díol breithiúnach

3.1. ainm na cúirte nó an údaráis phoiblí eile

a rinne an díol breithiúnach

3.2. Dáta an díola bhreithiúnaigh

4. Long

4.1. Ainm
.....

4.2. Clárlann
.....

4.3. Uimhir IMO

4.4. *(Mura bhfuil uimhir IMO ar fáil) (Cuir aon ghrianghraf i gceangal leis an deimhniú*

Faisnéis eile lenar féidir an long a shainaithint

5. Úinéir díreach roimh an díol breithiúnach

5.1. Ainm

5.2. Seoladh áite cónaithe nó príomháite gnó

6. Ceannaitheoir

6.1. Ainm

6.2. Seoladh áite cónaithe nó príomháite gnó

Ag An
.....

(áit) (dáta)
.....
.....

Síniú agus/nó stampa an údaráis eisiúna nó dearbhú eile ar bharántúlacht an deimhnithe